Cuntas Leithreasa 2014

# Vóta 18

# Seirbhísí Roinnte

## Réamhrá

Mar Ard-Rúnaí ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 do thuarastail agus do chostais Seirbhísí Roinnte, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le haghaidh íocaíocht deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2014, lena n-áirítear an méid caiteachais don bhliain a bheadh inúsáidte mar leithreasaí i gcabhair.

Dlitear barrachas €9.29 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

***Polasaí Stoic***

Roinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7), an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11), an Oifig um Sholáthar Rialtais (Vóta 41) agus Seirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) stoic intomhalta TE. Leithdháiltear iad ar bhonn líon na foirne sna Vótaí faoi seach.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh
- tá an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin toisc go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte do Vóta 11.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás dhá chonradh dar luach €89,665, rudaí a liostaíodh i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Tá údar fónta leis na heisceachtaí sa dá chás.

***Bainistiú na Ró-íocaíochtaí***

Is féidir le ró-íocaíochtaí tuarastail a dhéanamh ar roinnt cúiseanna éagsúla in aon eagraíocht ar bith, bíodh sí san earnáil phríobháideach nó san earnáil phoiblí. Áirítear leis na cúiseanna sin, gan a bheith teoranta dóibh: moilleanna ar asláithreachtaí a imríonn tionchar ar phá – lena n-áirítear asláithreachtaí ar shaoire bhreoiteachta nó socruithe saoire eile – a chur i bhfeidhm, a cheadú nó a phróiseáil, agus earráidí nuair a bhíonn liúntais, an párolla nó speansais á ríomh. A luaithe a bheidh eagraíocht ina custaiméir de chuid PeoplePoint, is é PeoplePoint a bheidh freagrach as aon airgead a aisghabháil, beag beann ar chúis agus ar dháta na ró-íocaíochta.

Ag deireadh 2014, rinneadh ró-íocaíochtaí do 1,374 duine; bhain cuid de na cásanna leis an tréimhse roimh chruthú PeoplePoint i 2013. Ba é luach measta na ró-íocaíochtaí seo ná €2.35 milliún. Bhí pleananna aisghabhála i bhfeidhm ag deireadh na bliana do 442 chás. Ó bhí deireadh na bliana ann, aisghabhadh suim €0.7 milliún. Trí PeoplePoint agus tríd an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla, leanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte uirthi de bheith ag déanamh teagmhála le ranna maidir le haithint agus le tuairisciú cásanna ró-íocaíochta agus maidir le comhaontú faoi phleananna aisghabhála.

Cuireadh grúpa oibre trasearnála ar bun chun scrúdú a dhéanamh ar na céimeanna agus ar na próisis ró-íocaíochta ceann go ceann, chun athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas agus ar mhéideanna reatha, chun pointí teipe agus gníomhartha gearrthéarmacha a shainaithint agus chun athruithe próisis a shainaithint d'fhonn rioscaí nua a íoslaghdú. Ba ar bhainistíocht asláithreachta a díríodh ar dtús agus tá roinnt de bhearta feabhais curtha ar aghaidh ag an nGrúpa ina leith sin, go háirithe ó thaobh teicneolaíochta agus próiseas de.

Tá measúnú agus taifeadadh á ndéanamh ag an nGrúpa faoi láthair ar an difear a dhéanann na moltaí sin don am a thógann an próiseas asláithreachta ceann go ceann, ar luach na ró-íocaíochtaí agus ar an treocht i gcásanna a bhaineann le pá.

Ina theannta sin, táthar tar éis beartas aisghabhála aonair a fhorbairt agus a cheadú, rud a mbeidh feidhm aige maidir le gach státseirbhíseach le héifeacht ón 2 Márta 2015. Leagtar amach sa bheartas sin an gnáthnós imeachta atá ann chun airgead a aisghabháil ó bhall foirne i gcás ró-íocaíochta. Cuirfear an beartas in iúl don fhoireann trí Oifigigh Phearsanra agus cuirfear ar fáil é ar thairseach PeoplePoint agus ar shuíomh Gréasáin mo Roinne nuair a bheidh sé ceadaithe. Pléitear sa bheartas le roinnt saincheisteanna éagsúla, lena n-áirítear na prionsabail taobh thiar d'aisghabháil ró-íocaíochtaí; an próiseas aisghabhála; socruithe neamhchaighdeánacha agus roghanna ró-íocaíochta.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
Seirbhísí Roinnte

11 Meán Fómhair 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 18 Seirbhísí Roinnte

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 18 Seirbhísí Roinnte don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 18 Seirbhísí Roinnte don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

15 Méan Fomhair 2015

# Vóta 18 Seirbhísí Roinnte

## Cuntas Leithreasa 2014

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Oifig náisiúnta um sheirbhísí roinnte | 1,300 | 681 | — |
| B | PeoplePoint | 15,750 | 13,247 | 11,842 |
| C | Larionad seirbhísí párolla roinnte | 12,016 | 7,642 | — |
| D | Tionscadail eile Seirbhísí Roinnte | 4,983 | 1,675 | 3,822 |
| | **Ollchaiteachas** | **34,049** | **23,245** | **15,664** |
| | Asbhain | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **3,468** | **2,955** | **282** |
| | **Glanchaiteachas** | **30,581** | **20,290** | **15,382** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le tabhairt suas | 10,290,828 | 5,637,926 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | (998,000) | — |
| Farasbarr le Géilleadh | 9,292,828 | 5,637,926 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 16,097 | 11,977 | 5,050 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 35 | 22 | 2 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 262 | 272 | 5 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 525 | 321 | 53 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,766 | 1,131 | 53 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 304 | 145 | 102 |
| vii | Comhairleoireacht agus seirbhísí eile | 2 | — | — |
| | | 18,991 | 13,868 | 5,265 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 9,378 | 10,399 |
| Pá | | 11,977 | 5,050 |
| Neamhphá | | 1,890 | 215 |
| **Ollchaiteachas** | | **23,245** | **15,664** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2,955** | **282** |
| **Glanchaiteachas** | | **20,290** | **15,382** |
| | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | (1,732) | | (1,152) |
| Dímheas | 538 | | 353 |
| | | (1,194) | 799 |
| **Athruithe sna sócmhainní i mbun forbartha** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (4,898) | — |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Gluaiseacht i bhfabhruithe deiridh | (404) | | 181 |
| Laghdú stoic | (10) | | (2) |
| | | (414) | — |
| **Caiteachas díreach** | | **13,784** | **14,762** |
| | | | |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Measchíos | | 132 | — |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 1,216 | 675 |
| **Costas glan clár** | | **15,132** | **15,437** |

#### 1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara

Tá glanmhéid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 18 a iompraíodh in áiteanna eile.

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais | m | 200 | 129 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | | 1,016 | 546 |
| | | **1,216** | **675** |

Tugann 'm' le fios gur luach measta nó costas cionroinnte í an uimhir.

## 2 Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 2,615 | 1,421 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 17,021 | — |
| | | **19,636** | **1,421** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 2,153 | 260 |
| Stoic | 2.5 | 12 | 2 |
| Réamhíocaíochtaí | | 318 | 139 |
| Ioncam Fabhraithe | | 21 | |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 167 | 31 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **2,671** | **432** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 116 | 320 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 506 | 273 |
| Maoiniú/iarmhéideanna réamhíocaíochta na gcliant | 2.9 | 736 | — |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 1,078 | 18 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **2,436** | **611** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **235** | **(179)** |
| **Glansócmhainní** | | **19,871** | **1,242** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú Stáit** | 2.1 | **19,871** | **1,242** |

| **2.1 Cuntas um maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2014 €000** | **2013 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 1,242 | — |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 30,581 | | |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | Cuntas | (998) | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (9,293) | | |
| Vóta glan | | | 20,290 | 15,382 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 1,216 | 675 |
| Caiteachas neamh-airgid – CAUD coigeartú | | | 12,123 | 622 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 132 | — |
| Costas glan clár | 1 | | (15,123) | (15,437) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **19,871** | **1,242** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní Caipitil** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2014 | 1,557 | 337 | 35 | 1,929 |
| Breiseanna | 1,612 | 119 | 1 | 1,732 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2014 | 3,169 | 456 | 36 | 3,661 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2014 | 467 | 34 | 7 | 508 |
| Dímheas don bhliain | 486 | 45 | 7 | 538 |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2014 | 953 | 79 | 14 | 1,046 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **2,216** | **377** | **22** | **2,615** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **1,090** | **303** | **28** | **1,421** |

**2.3 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt**

| | Feidhmeanna ríomhaire inmheánacha |
|---|---|
| amhail an 31 Nollaig 2014 | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2014 | — |
| Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain | 4,898 |
| Coigeartú[a] | 12,123 |
| **Méideanna tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig 2014** | **17,021** |

[a] Chinn athbhreithniú ar shócmhainní i mbun forbartha gur chóir caiteachas na bliana roimhe sin a athaicmiú mar shócmhainní i mbun forbartha. Aistreofar sócmhainní i mbun forbartha go dtí clár na sócmhainní ag deireadh gach tionscadail.

.

**2.4 Banc agus Airgead Tirim**

| ag 31 Nollaig | **Nóta** | **2014** €000 | **2013** €000 |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | | 1,295 | 260 |
| Orduithe gan íoc | 2.9 | 858 | — |
| | | 2,153 | 260 |

**2.5 Stoic**

| ag 31 Nollaig | **2014** €000 | **2013** €000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 4 | 1 |
| Ábhair inchaite TF | 8 | 1 |
| | 12 | 2 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Tuarastail In-Fhorchúitithe | — | 28 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 167 | 3 |
| | 167 | 31 |

| **2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| CBL | 15 | — |
| Cáin Ioncaim | 95 | 54 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 118 | 56 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 146 | 95 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 34 | 16 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 2 | 1 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 46 | 25 |
| | 456 | 247 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 50 | 2 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | — | 24 |
| | 506 | 273 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 9,293 | 5,638 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | 998 | — |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (9,213) | (5,620) |
| Glandliteanas don Státchiste | 1,078 | 18 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 2,153 | 260 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 167 | 31 |
| | 2,320 | 291 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (456) | (247) |
| Maoiniú/iarmhéideanna réamhíocaíochta na gcliant | (736) | — |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (50) | (26) |
| | (1,242) | (273) |
| | 1,078 | 18 |

**2.9 Cuntas Bainc Párolla arna Maoiniú ag an gCliant**

Soláthraíonn na Seirbhísí Comhroinnte feidhm seirbhíse comhroinnte párolla do roinnt rann/oifigí agus gníomhaireachtaí Rialtais. Ba é iarmhéid an chuntais seo ná €858,000 ag 31 Nollaig 2014, agus is é atá i gceist le €736,000 de seo ná airgead a rinneadh a lóisteáil ag na hoifigí cliaint seo le maoiniú a chlúdach do thuarastail thar thréimhse na bliana úire.

| **2.10 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil | 3,518 | 1,395 |

**2.11 Dliteanais Aibí**

B'ionann suim iomlán na ndliteanas aibí neamhghlanta amhail an 31 Nollaig, 2014 na €3,501.

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | 2014 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Oifig náisiúnta um sheirbhísí roinnte** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 985 | 501 | — |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 315 | 180 | — |
| | | 1,300 | 681 | — |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár a €618,575 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 484 | Tháinig an difríocht chun cinn mar gheall ar earcaíocht a bheith níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Riarachán – neamhphá | 135 | Iarmhairt den mhoill maidir le hearcú foirne atá san éagsúlacht. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Other shared services projects** | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | 10,650 | 8,605 | 5,050 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 1,075 | 1,008 | 215 |
| B.3 | Bunú an tionscadail um sheirbhísí roinnte acmhainní daonna | 4,025 | 3,634 | 6,577 |
| | | 15,750 | 13,247 | 11,842 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár B €2.5 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 2,045 | Tháinig an difríocht chun cinn mar (a) fostaíodh foireann cléireachais shealadach ar leibhéal tuarastail ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, agus (b) bhí earcaíocht ní b'ísle ag deireadh na bliana ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Bunú an tionscadail um sheirbhísí roinnte acmhainní daonna | 391 | Tháinig an coigilteas chun cinn mar gheall ar an laghdú ar mhéid fhoireann an tionscadail. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **Oifig um sheirbhísí roinnte párolla** | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | 4,462 | 2,870 | — |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 1,504 | 703 | — |
| C.3 | Bunú an tionscadail um sheirbhísí roinnte párolla | 6,050 | 4,069 | 3,559 |
| | | 12,016 | 7,642 | 3,559 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár C €4.37 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | 1,592 | D'eascair an éagsúlacht mar gheall ar mhoill chun folúntais a líonadh tar éis iarchur Bhabhta II. |
| Riarachán - neamhphá | 801 | D'eascaire an difríocht as na moilleanna a bhí ann ar bhaill foirne a aistriú, rud a chuaigh i bhfeidhm ar chostais neamhphá freisin. |
| Bunú an tionscadail um sheirbhísí roinnte párolla | 1,981 | Den chuid is mó, tá sin mar gheall ar shocrú na ndátaí i dtaca le teacht ar líne na n-eagraíochtaí cliaint le haghaidh seirbhísí ionaid seirbhísí comhroinnte párolla, rud a raibh de thoradh air laghdú sna costais bhogearra, cheadúnaithe agus tacaíochta. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D** | **Tionscadail eile um sheirbhísí roinnte** | | | |
| D.1 | Riarachán – pá | — | — | — |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | — | — | — |
| D.3 | Bunú an tionscadail um bainistíocht airgeadais | 4,983 | 1,675 | 263 |
| | | 4,983 | 1,675 | 263 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár D €3.31 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Tharla an éagsúlacht shuntasach mar seo a leanas.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Bunú an tionscadail um bainistíocht airgeadais | 3,308 | D'eascair an éagsúlacht sa tionscadal bainistithe airgeadais mar gheall ar mhoill tionscadail a chuaigh i bhfeidhm ar gach réimse costais ach go háirithe ar chostais cheadúnaithe. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2014 Measta €000 | 2014 Réadaithe €000 | 2013 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|---|
| 1. | Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 757 | 442 | 260 |
| 2. | Tobhach PeoplePoint | 2,673 | 2,449 | — |
| 3. | Ilghnéitheach | 38 | 64 | 22 |
| | **Iomlán** | **3,468** | **2,955** | **282** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%. Cé nár chomhlíon gach fo-mhírcheann na critéir sin, tá anailís ar an difríocht curtha ar fáil i leith gach ceann acu.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 315 | D'eascair an t-easnamh as na moilleanna a bhí ann ar bhaill foirne a aistriú, rud as ar tháinig costais laghdaithe phárolla agus a chuaigh i bhfeidhm ar an asbhaint tobhaigh pinseanchoibhneasta. |
| Tobhach PeoplePoint | 224 | D'eascair an sprioceasnamh mar gheall ar laghduithe a comhaontaíodh le cliaint a bhí ag dul isteach in ionad seirbhísí roinnte na n-acmhainní daonna le linn 2014 is nár seachadadh go hiomlán a gcuid riachtanas sonrach cobhsaithe sheirbhíse. |
| Ilghnéitheach | (26) | Bíonn fáltais ilghnéitheacha deacair a thuar iontu féin, agus baineann siad go príomha le haisghabháil tuarastail ag an Roinn mar gheall ar shaoire bhreoiteachta agus mar gheall ar shaoire mháithreachais. |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 442 | 203 |

| | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| Pá[a] | 12,350 | 5,781 |
| Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 51 | 4 |
| Liúntais eile | 5 | 2 |
| Ragobair | 52 | 1 |
| ÁSPC an Fhostóra | 979 | 431 |
| **Pá iomlán** | **13,437** | **6,219** |

[a] Tá pá ar áireamh i bhfigiúr an phá iomláin leithdháilte ar fud fho-mhírchinn A.1, B.1, B.3, C.1, C.3 agus D.3 agus áirítear leis ró-íocaíochtaí tuarastail €28,206 a tháinig as moilleanna riaracháin. Tá na ró-íocaíochtaí sin á n-aisghabháil faoi láthair.

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2014 € | Uasíocaíocht aonair 2013 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 23 | — | 3,654 | 3,808 |
| Liúntais eile | 4 | — | 2,393 | 1,137 |
| Ragobair | 93 | — | 4,298 | 227 |

### 5.2 Socruithe Eile Luach Saothair

Faoi théarmaí an chomhaontaithe athstruchtúraithe pá 1% ón AHCPS faoin gClár um Iomaíochas agus Obair, fuair oifigeach amháin méid iomlán €2,058 i leith liúntais sinsearachta.

# 6 Ranna Stáit Seirbhísí Poiblí faoi Chúram na Seirbhísí Roinnte

**Seirbhísí Roinnte Acmhainní Daonna – PeoplePoint (21)**

An Roinn Talamhaiocht, Bia agus Mara
Oifig an Ard-Aighne
An Phríomh Oifig Staidrimh
Oifig na Phríomh-Aturnae Stáit
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Achmhainní Nárdúrtha
An Roinn Oideachais agus Scileanna
An Roinn Airgeadais
Ombudsman an Gharda Síochána
An Roinn Sláinte
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachais Speisiallta
Oifig na nOibreacha Poiblí
Oifig an Ombudsman
An tÚdarás Clárucháin Maoine (le comhcheangail leis an Oifig Luachala agus Suirbhéireacht Ordanais Éireann)
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (lena n-áirítear an Oifig um Sholáthar Rialtais, Seirbhísí Roinnte)
Oifig na gCoimisinéirí Ioncam
An tÚdarás Um Shábháilteacht ar Bhóihtre
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Coimisiún na Scrúduithe Stáit
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

**Seirbhísí Roinnte Párolla – PSSC (18)**

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Garda/Seirbhís Príosún na hÉireann)
An Bord um Cunamh Dlíthiúl
An Roinn Airgeadais
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Achmhainní Nárdúrtha
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (lena n-áirítear an Oifig um Sholáthar Rialtais,Seirbhísí Roinnte)
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
Oifig na Phríomh-Aturnae Stáit
An Stúirthóir Ionchúiseamh Poiblí
Oifig an Ard-Aighne
Íocaíochtaí Chiste Lárnach na Seirbhíse Cúirteanna
An Coimisiún Um Athchóiriúan Dlí
An tSeirbhís Um Cheapacháin Phoiblí
An Uacthtarán agus Teaghlachas an Uachtaráin
An tSaorthlann Stáit
Oifig an Ombudsman (incl. An Coimisiún un Cheapacháin Seirbhíse Poibli)
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachais Speisiallta
An tÚdarás Um Fhaisnéis Cailiocht Sláinte
Bord Athstruchtúrúcháin na gComhar Creidmheasa “REBO”